**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0094/2023**

25.1.2023

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

chun an díospóireacht maidir leis na ráitis ón gComhairle agus ón gCoimisiún a thabhairt chun deiridh

de bhun Riail 132(2) de na Rialacha Nós Imeachta

maidir leis an ullmhúchán don chruinniú mullaigh idir AE agus an Úcráin (2023/2509(RSP))

**Viola von Cramon-Taubadel, Bronis Ropė, Markéta Gregorová, Yannick Jadot, Alviina Alametsä, Alexandra Geese, Francisco Guerreiro, Ville Niinistö, Gwendoline Delbos-Corfield, Sergey Lagodinsky**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**B9-0094/2023**

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an ullmhúchán don chruinniú mullaigh idir AE agus an Úcráin**
**(2023/2509(RSP))**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do na rúin uaithi roimhe seo maidir leis an Úcráin,

– ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe, Coinbhinsiúin na Háige, Coinbhinsiúin na Ginéive agus na prótacail bhreise a ghabhann leo, agus do Reacht na Róimhe,

– ag féachaint don ráiteas comhpháirteach tar éis an 23ú cruinniú mullaigh idir AE agus an Úcráin, an 12 Deireadh Fómhair 2021,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 15 Nollaig 2022,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2022 dar teideal 'Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na hÚcráine ar bhallraíocht san Aontas Eorpach' (COM(2022)0407) agus do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 24 Meitheamh 2022 maidir le hiarratais ar bhallraíocht ón Úcráin, ó Phoblacht na Moldóive agus ón tSeoirsia,

– ag féachaint do Riail 132(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil cogadh foghach neamhdhleathach, gan chúis agus gan údar á dhéanamh ag Cónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine ón 24 Feabhra 2022 i leith; de bhrí gur sárú follasach agus mínáireach ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar bhunphrionsabail an dlí idirnáisiúnta é an cogadh foghach sin;

B. de bhrí, le linn na tréimhse sin, go ndearna fórsaí na Rúise ionsaithe gan idirdhealú ar limistéir chónaithe agus ar bhonneagar sibhialta; de bhrí gur dúnmharaíodh na mílte sibhialtach, lena n-áirítear na céadta leanaí, cheana féin agus go ndearnadh go leor eile díobh a chéasadh, a chiapadh, a fhuadach nó a easáitiú le lámh láidir nó go ndearnadh ionsaí gnéis orthu; de bhrí go bhfuil neamhaird iomlán á tabhairt ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta leis an iompar mídhaonnachtúil sin ó fhórsaí na Rúise agus óna seach-ionadaithe;

C. de bhrí go bhfuil an 24ú cruinniú mullaigh idir AE agus an Úcráin le bheith ar siúl an 3 Feabhra 2023 i gCív; de bhrí go gcuirfidh an cruinniú mullaigh sin deis mhaith ar fáil chun plé a dhéanamh ní hamháin ar an staid ar an láthair agus ar thosaíochtaí reatha na hÚcráine, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais agus mhíleata, cuntasacht maidir le coireanna na Rúise, for-rochtain dhomhanda, bearta sriantacha agus slándáil bia agus fuinnimh, ach freisin ar na gníomhaíochtaí is gá chun go mbeidh an Úcráin in ann leanúint ar aghaidh ar a bealach i dtreo bhallraíocht AE;

1. á athdhearbhú go ndéanann sí an cáineadh is géire is féidir ar chogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le rannpháirtíocht na

Bealarúise sa chogadh sin, agus á iarraidh go gcuirfeadh an Rúis deireadh láithreach le gach gníomhaíocht mhíleata san Úcráin agus go dtarraingeodh sí gach fórsa agus trealamh míleata siar gan choinníoll ó chríoch iomlán na hÚcráine, a aithnítear go hidirnáisiúnta;

2. á chur in iúl go bhfuil sí ag seasamh i ndlúthpháirtíocht iomlán le muintir na hÚcráine, á chur in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus á chur i bhfios go láidir gur sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta é an cogadh i dtrácht; á athdhearbhú, ina leith sin, go gcáineann sí ionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar réigiúin Donetsk, Kherson, Luhansk agus Zaporizhzhia san Úcráin;

3. ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh cuntasacht ann as gach coir chogaidh, as gach coir in aghaidh an chine dhaonna agus as coir an fhogha; sa chomhthéacs sin, á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ceannaireacht a léiriú sa chomhrac i gcoinne saoirse ó phionós agus ar son na síochána, agus an méid sin a dhéanamh tríd an tacaíocht airgeadais agus phraiticiúil uile is gá a chur ar fáil do na hiarrachtaí chun cuntasacht a áirithiú, chomh maith le clár idirnáisiúnta damáiste a bhunú;

4. á iarraidh i gcónaí ar institiúidí AE agus ar na Ballstáit, chomh maith le comhpháirtithe AE, an tacaíocht pholaitiúil, mhíleata, eacnamaíoch, a bhaineann leis an mbonneagar, agus an tacaíocht airgeadais agus dhaonnúil uile is gá a chur ar fáil don Úcráin; ag dréim leis go mbainfidh na Ballstáit úsáid as an gcruinniú mullaigh idir AE agus an Úcráin atá beartaithe chun a dtiomantas a neartú;

5. á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur lena gcúnamh míleata don Úcráin agus méadú a dhéanamh ar an gcúnamh sin, go háirithe soláthar arm, mar fhreagairt ar riachtanais atá sainaitheanta go soiléir; á chur in iúl go dtacaíonn sí leis na cinntí is déanaí chun airm throma nua-aimseartha a chur ar fáil don Úcráin;

6. á chur i bhfios go láidir gur gá i gcónaí cabhair dhaonnúil a chur ar fáil don Úcráin, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar riachtanais na milliún duine easáitithe ón Úcráin agus laistigh di, go háirithe iad siúd a bhaineann le grúpaí leochaileacha; ag athdhearbhú a hiarrata ar AE dlús a chur lena iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar staid thubaisteach na ndaoine a díbríodh go héigeantach chun na Rúise agus na leanaí a uchtaíodh go héigeantach sa Rúis;

7. á chur in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán i gcónaí leis an bpacáiste tacaíochta nach bhfacthas a leithéid riamh cheana de EUR 18 mbilliún don Úcráin in 2023 chun a cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a áirithiú, chun bonneagar criticiúil a athbhunú agus chun seirbhísí poiblí bunriachtanacha a chothabháil; á chur i bhfáth gur gá tithíocht agus bonneagar a atógáil ar bhealach inbhuanaithe;

8. á chur in iúl gur geal léi cinneadh na mBallstát stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht AE a dheonú don Úcráin, i gcomhréir le hAirteagal 49 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus mar thús leis an bpróiseas fiúntas-bhunaithe; á iarraidh ar na Ballstáit an toil pholaitiúil a bhailiú chun próiseas an mhéadaithe a athneartú agus na gealltanais a thug siad a chomhlíonadh trí bhíthin chéimeanna dearfacha nithiúla i bpróisis aontachais na dtíortha atá ag iarraidh teacht isteach san Aontas agus a bhfuil sé tuillte acu a bheith mar chuid den teaghlach Eorpach;

9. á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le tíortha ar mian leo aontú do AE na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme, go háirithe maidir leis an smacht reachta, an daonlathas, saoirsí bunúsacha agus cearta an duine; ag tathant ar údaráis na hÚcráine, dá bhrí sin, a ndiongbháilteacht pholaitiúil a léiriú trí fheabhas a chur ar an dul chun cinn trí athchóirithe suntasacha a chur chun feidhme chun na critéir maidir le ballraíocht AE a chomhlíonadh go héifeachtach, agus na tosaíochtaí a léirigh an Coimisiún i dtuairim uaidh an 17 Meitheamh 2022, go háirithe maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe, chomh maith le saoirse na meán, neartú na mbreithiúna, feidhmiú na n-údarás forfheidhmithe dlí, agus iolrachas polaitiúil agus páirtithe laistigh agus lasmuigh den pharlaimint araon á gcur san áireamh;

10. á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag an tsochaí shibhialta san Úcráin agus á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht leanúnach di agus go mbeadh ról gníomhach aici sa phróiseas athchóirithe, agus go ndéanfaí a comhar le comhpháirtithe AE a chur chun cinn;

11. á iarraidh go gcuirfí bearta breise i bhfeidhm agus go nglacfadh na Ballstáit an 10ú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne na Rúise a luaithe is féidir, chomh maith le tograí a thíolacadh go réamhghníomhach chun smachtbhannaí a fhorbairt tuilleadh trí earnálacha agus daoine aonair nua a chur san áireamh; ag tathant ar na Ballstáit uile leanúint d’aontacht a léiriú in aghaidh chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á iarraidh ar na comhpháirtithe uile, go háirithe tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht AE agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, ailíniú leis na pacáistí smachtbhannaí;

12. á iarraidh go leathnófaí liosta na ndaoine aonair a ndírítear orthu leis na smachtbhannaí chun na daoine sin a bhfuil baint acu le díbirt éigeantach, leis na ‘reifrinn’ neamhdhleathacha i Luhansk, Kherson, Zaporizhzhia agus Donetsk, agus leis na ‘toghcháin’ neamhdhleathacha sa Chrimé agus in Sevastopol a chur san áireamh, chomh maith le gach comhalta de pháirtithe an Dúma Stáit a bhfuil oifigí acu i bparlaimintí tofa ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal bardasach, agus comhaltaí de mheáin bholscaireachta na Rúise a scaipeann tuairimí i gcoinne na hÚcráine agus ar son an chogaidh; á iarraidh go gcuirfí toirmeasc ar dhiamaint a allmhairiú, a cheannach nó a aistriú go díreach nó go hindíreach, bídís i bhfoirm amh nó i bhfoirm phróiseáilte, de thionscnamh Chónaidhm na Rúise;

13. á iarraidh go gcuirfí trádbhac iomlán agus láithreach ar allmhairí breoslaí iontaise agus úráiniam ón Rúis, agus go n-éireofaí as píblínte Nord Stream 1 agus 2 go hiomlán, chun deireadh a chur le meaisín cogaidh Putin a mhaoiniú le hairgead AE; ag tathant ar an gComhairle, i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, an chaidhp phraghais ar ola a thagann ón Rúis nó a onnmhairítear ón Rúis a laghdú;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar údaráis mhaoirseachta AE dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach agus cuimsitheach smachtbhannaí uile AE ag na Ballstáit agus aghaidh a thabhairt ar aon chleachtais imchéimnithe, lena n-áirítear na lúba ar lár atá ann cheana a dhúnadh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhearta a dhéanamh i gcoinne tríú tíortha atá ag iarraidh cabhrú leis an Rúis agus leis an mBealarúis dul timpeall ar na smachtbhannaí a forchuireadh;

15. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Comhpháirtíocht an Oirthir a athchalabrú chun ilroinnt a sheachaint, rud a chuirfidh ar a cumas oibriú i gcomhthráth leis an bpróiseas aontachais agus leanúint de bheith fóinteach; á athdhearbhú go bhfuil gá le comhar réigiúnach agus le comhtháthú méadaithe i measc thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir;

16. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig ag an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, chuig Uachtarán, Rialtas agus Verkhovna Rada na hÚcráine, agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Dúma Stáit Chónaidhm na Rúise.